CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/575 ÓN gCOIMISIÚN

an 6 Aibreán 2022

maidir le bearta éigeandála chun cosc a chur ar ghalar crúb agus béil a thabhairt isteach san Aontas trí choinsíneachtaí d'fhéar tirim agus coinsíneachtaí tuí ó thríú tíortha nó ó thríú críocha agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2208

(a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C(2022)2078)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ("Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe") ([1]), agus go háirithe Airteagal 261(1), pointe (b), de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirtear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 999/2001, (CE) Uimh. 396/2005, (CE) Uimh. 1069/2009, (CE) Uimh. 1107/2009, (AE) Uimh. 1151/2012, (AE) Uimh. 652/2014, (AE) 2016/429 agus (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialacháin (CE) Uimh. 1/2005 agus (CE) Uimh. 1099/2009 ón gComhairle agus Treoracha 98/58/CE, 1999/74/CE, 2007/43/CE, 2008/119/CE agus 2008/120/CE ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 854/2004 agus (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 89/608/CEE, 89/662/CEE, 90/425/CEE, 91/496/CEE, 96/23/CE, 96/93/CE agus 97/78/CE ón gComhairle agus Cinneadh 92/438/CEE ón gComhairle (Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla) ([2]), agus go háirithe Airteagal 128(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is galar víreasach tromchúiseach, an-tógálach é an galar crúb agus béil a d'fhéadfadh tionchar suntasach eacnamaíoch a imirt ar an earnáil talmhaíochta, agus a d'fhéadfadh leathadh go tapa trí ábhair plandaí éillithe, lena n-áirítear féar tirim agus tuí.

(2) Is iad féar tirim agus tuí amháin na hábhair plandaí ar ina leith a leagadh síos srianta maidir le coinsíneachtaí díobh a theacht isteach san Aontas i Rialachán (CE) Uimh. 136/2004 ón gCoimisiún ([3]), a raibh feidhm aige go dtí an 20 Aibreán 2021. Go háirithe, níor ceadaíodh ach coinsíneachtaí d'fhéar tirim agus coinsíneachtaí tuí ó thríú tíortha nó ó thríú críocha a liostaítear in Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 136/2004 a theacht isteach san Aontas. Ós rud é go bhfuil an baol ann go scaipfí an galar crúb agus béil trí na hábhair sin, is iomchuí leanúint de shrianta den sórt sin a leagan síos i ndlí an Aontais.

(3) Leis an gcreat reachtach nua le haghaidh sláinte ainmhithe, a bunaíodh faoi Rialachán (AE) 2016/429, agus a mbeidh feidhm aige ón 21 Aibreán 2021, ba cheart go n-áiritheofaí aistriú rianúil ó na ceanglais a leagtar síos i ngníomhartha de chuid an Aontais atá ann cheana, lena n-áirítear gníomhartha a bhaineann le hábhair plandaí a theacht isteach san Aontas, mar is léir go raibh siad éifeachtach. Dá bhrí sin, ba cheart aidhm agus substaint na

([1]) IO L 84, 31.3.2016, lch. 1.
([2]) IO L 95, 7.4.2017, lch. 1.
([3]) Rialachán (CE) Uimh. 136/2044 ón gCoimisiún an 22 Eanáir 2004 lena leagtar síos nósanna imeachta le haghaidh seiceálacha tréidliachta ag pointí cigireachta teorann Comhphobail ar tháirgí ó thríú tíortha (IO L 21, 28.1.2004, lch. 11).

rialacha sin a bhí ann cheana a choinneáil sna rialacha a leagtar síos sa Chinneadh seo, go dtí go bhfaighfear tuairim eolaíoch ón Údarás Eorpach Bia (EFSA) lena ndéantar meastóireacht ar na rioscaí do shláinte ainmhithe maidir le galar crúb agus béil agus galair eile de chatagóir A a thabhairt ([4]) isteach san Aontas, dá dtagraítear in Airteagal 1(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 ón gCoimisiún trí choinsíneachtaí d'fhéar tirim agus coinsíneachtaí tuí ó thríú tíortha nó ó thríú críocha.

(4) Dá bhrí sin, is gá liosta a leagan síos sa Chinneadh seo de thríú tíortha nó de thríú críocha óna n-údaraítear do choinsíneachtaí d'fhéar tirim agus coinsíneachtaí tuí a theacht isteach san Aontas. Ba cheart a chur san áireamh i liosta den sórt sin an liosta in Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 136/2004, agus an liosta, in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún ([5]), de thríú tíortha nó de thríú críocha, nó de chriosanna díobh, óna n-údaraítear coinsíneachtaí crúbach a theacht isteach san Aontas mar gheall ar a staid fhabhrach sláinte ainmhithe, go háirithe a mhéid a bhaineann le galar crúb agus béil. Ionas nach gcuirfear isteach ar thrádáil agus ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart freisin liosta ar leith a bheith ann de thríú tíortha nó de thríú críocha óna n-údaraítear coinsíneachtaí de thuí i bhfoirm millíní le haghaidh a ndó i ngléasra a theacht isteach san Aontas.

(5) Chun nach mbeidh teagmháil ann idir coinsíneachtaí de thuí i bhfoirm millíní le haghaidh a ndó agus ainmhithe atá soghabhálach i leith galar crúb agus béil, ba cheart dianbhearta maolaithe riosca a leagan síos leis an gCinneadh seo freisin maidir le seachadadh coinsíneachtaí den sórt sin chuig an ngléasra cinn scríbe san Aontas. Ba cheart iad a chur faoin nós imeachta custaim speisialta dá bhforáiltear i bpointe (a) d'Airteagal 210 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus ba cheart faireachán a dhéanamh ar a n-iompar ([6]), i gcomhréir le Rialachán ([7]) Tarmligthe (AE) 2019/1666 ón gCoimisiún, tríd an gcóras bainistithe faisnéise ríomhairithe le haghaidh rialuithe oifigiúla (IMSOC) dá bhforáiltear in Airteagal 131 de Rialachán (AE) 2017/625, agus ba cheart iad a sheachadadh go díreach ón bpost rialaithe teorann iontrála isteach san Aontas chuig an ngléasra cinn scríbe san Aontas, áit a ndófar iad.

(6) Tá na cóid AC le haghaidh féar tirim agus tuí leagtha síos i gCaibidil 12 den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/632 ón gCoimisiún, agus ba cheart, ([8]) dá bhrí sin, iad a chur san áireamh sa Chinneadh seo.

(7) Ar mhaithe le simpliú agus le soiléireacht dhlíthiúil, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2208 ón ([9]) gCoimisiún lena n-údaraítear faoi láthair coinsíneachtaí d'fhéar tirim agus coinsíneachtaí tuí ón mBreatain Mhór agus ó Spleá na Corónach a allmhairiú isteach san Aontas a aisghairm, agus ba cheart iad a liostú i gCuid 1 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

(8) Na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo, is bearta iad atá i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 ón gCoimisiún an 3 Nollaig 2018 maidir le rialacha áirithe coisctheacha agus rialaithe galar a chur i bhfeidhm ar chatagóirí galar liostaithe agus lena mbunaítear liosta speiceas agus grúpaí speiceas a bhfuil baol suntasach ag baint leo maidir le leathadh na ngalar liostaithe sin (IO L 308, 4.12.2018, lch. 21).

([5]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún an 24 Márta 2021 lena leagtar síos na liostaí de thríú tíortha, de chríocha nó de chriosanna de thríú tír nó de chríoch óna gceadaítear ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch a theacht isteach san Aontas i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 114, 31.3.2021, lch. 1).

([6]) Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 269, 10.10.2013, lch. 1).

([7]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/1666 ón gCoimisiún an 24 Meitheamh 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le coinníollacha chun faireachán a dhéanamh ar iompar agus ar theacht isteach coinsíneachtaí d'earraí áirithe, idir an post rialaithe teorann agus bhunaíocht an chinn scríbe san Aontas (IO L 255, 4.10.2019, lch. 1).

([8]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/632 ón gCoimisiún an 13 Aibreán 2021 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le liostaí na n-ainmhithe, na dtáirgí de bhunadh ainmhíoch, na dtáirgí geirmeacha, na seachtháirgí ainmhithe agus na dtáirgí díorthaithe, na dtáirgí ilchodacha, mar aon le féar tirim agus tuí atá faoi réir rialuithe oifigiúla ag poist rialaithe teorann, agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2007 agus Cinneadh 2007/275/CE ón gCoimisiún (IO L 132, 19.4.2021, lch. 24).

([9]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2208 ón gCoimisiún an 22 Nollaig 2020 lena n-áirítear an Ríocht Aontaithe mar thríú tír atá údaraithe chun coinsíneachtaí d'fhéar tirim agus coinsíneachtaí tuí a allmhairiú isteach san Aontas (IO L 438, 28.12.2020, lch. 21).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ábhar agus raon feidhme

Leagtar síos leis an gCinneadh seo bearta éigeandála maidir le coinsíneachtaí d'fhéar tirim agus coinsíneachtaí tuí a theacht isteach san Aontas ó thríú tíortha agus ó thríú críocha.

Airteagal 2

Ceanglais maidir le coinsíneachtaí d'fhéar tirim agus tuí a theacht isteach san Aontas

1. Maidir le coinsíneachtaí tuí (cód AC Ex 1213 00 00) dá dtagraítear i gCaibidil 12 den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/632, nó coinsíneachtaí d'fhéar tirim (cód AC: Ex 1214 90) dá dtagraítear i gCaibidil 12 den Iarscríbhinn sin, ní cheadófar dóibh teacht isteach san Aontas ach amháin más de thionscnamh na dtríú tíortha nó na dtríú críocha a liostaítear i gCuid 1 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo na coinsíneachtaí sin.

2. De mhaolú ar mhír 1, ceadófar do choinsíneachtaí de thuí i bhfoirm millíní le haghaidh a ndó i ngléasra teacht isteach san Aontas ar choinníoll go gcomhlíonann siad na coinníollacha seo a leanas:

(a) gur de thionscnamh na dtríú tíortha nó na dtríú críocha atá liostaithe i gCuid 2 den Iarscríbhinn iad;

(b) go gcuirtear iad, ar theacht isteach san Aontas dóibh, faoin nós imeachta speisialta dá bhforáiltear in Airteagal 210, pointe (a) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013; go ndéantar faireachán ar a n-iompar, i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/1666, tríd an gcóras ríomhairithe bainistithe faisnéise le haghaidh rialuithe oifigiúla (CBFRO) dá bhforáiltear in Airteagal 131 de Rialachán (AE) 2017/625; agus go ndéantar iad a sheachadadh go díreach ón bpost rialaithe teorann iontrála isteach san Aontas chuig an ngléasra cinn scríbe san Aontas, áit a ndófar iad.

Airteagal 3

Aisghairm

Aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2208.

Airteagal 4

Seolaithe

Dírítear an Cinneadh seo chuig na Ballstáit.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 6 Aibreán 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
Stella KYRIAKIDES
Comhalta den Choimisiún

IARSCRÍBHINN

Cuid 1 - Liosta de thríú tíortha nó de chríocha a údaraítear i dtaobh coinsíneachtaí d'fhéar tirim agus coinsíneachtaí tuí a theacht isteach san Aontas, dá dtagraítear in Airteagal 2(1)

Cód ISO an tríú tír nó na críche	Ainm an tríú tír nó na críche
AU	an Astráil
CA	Ceanada
CH	an Eilvéis
CL	an tSile
GB	an Ríocht Aontaithe [1]
GG	Geansaí
GL	An Ghraonlainn
IM	Oileán Mhanann
IS	an Íoslainn
JE	Geirsí
NZ	an Nua-Shéalainn
RS	an tSeirbia [2]
US	Stáit Aontaithe Mheiriceá

[1] I gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 5(4) den Phrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann i gcomhar le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal sin, chun críocha Chuid 1 den Iarscríbhinn seo, ní bhaineann tagairtí don Ríocht Aontaithe le Tuaisceart Éireann.

[2] Chun críocha na mbeart éigeandála dá dtagraítear in Airteagal 1, nuair a thagraítear don tSeirbia san Iarscríbhinn seo, ní áirítear críoch na Cosaive*.

* Ní dochar an t-ainmniú sin do sheasaimh maidir le stádas, agus tá sé ag teacht le Rún 1244/1999 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe agus le Tuairim na Cúirte Breithiúnais Idirnáisiúnta maidir le dearbhú neamhspleáchais na Cosaive.

Cuid 2 - Liosta de thríú tíortha nó de chríocha a údaraítear i dtaobh coinsíneachtaí d'fhéar tirim agus coinsíneachtaí tuí i bhfoirm millíní a theacht isteach san Aontas, dá dtagraítear in Airteagal 2(2)

Cód ISO an tríú tír nó na críche	Ainm an tríú tír nó na críche
UA	An Úcráin